



An Foclóir Aiteach

Clár an ábhair

Table of contents

Acrainm LADTA+

LGBTQ+ Acronym

1

Nóta ó Laoighseach Ní Choistealbha

A Note from Laoighseach Ní Choistealbha

2-3

Réamhrá le Tadhg Mac Eoghain

Introduction by Timothy McKeon

4-5

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical List of Terminology

A	6-8	L	20-22
B	8-9	M	22-23
C	9-10	N	23-24
D	11-12	O	25
E	12-13	P	25-27
F	13-16	R	27
G	16	S	27-29
H	16-18	T	29-31
I	18-20	U V	31

Forainmneacha

Pronouns

32

Creidiúintí

Credits

33

LADTACIDAÉP - LGBTQQITSAP

Leispiach

Aerach

Déghnéasach

Trasinscneach

Aiteach

Ceisteach

Idirghnéasach

Dé-**A**namúil

Éighnéasach

Panghnéasach

Lesbian

Gay

Bisexual

Transgender

Queer

Questioning

Intersex

Two-**S**pirit

Asexual

Pansexual

An Foclóir Aiteach

The Queer Dictionary

Nóta ó Laoighseach Ní Choistealbha

Iar-Leas-Uachtarán don Ghaeilge, Aontas na Mac Léinn in Éirinn

Nuair a cruthaíodh an chéad Fhoclóir Aiteach sa bhliain 2018, turgnamh amach is amach a bhí ann. Ní raibh mé cinnte cad a cheapfadh daoine faoi na téarmaí a bhí ann, ná faoi na téarmaí nua a cumadh don Fhoclóir.

Is léir ó shin gur bhain neart daoine úsáid as téarmaí ón chéad Fhoclóir, agus cuireann sin áthas orm. Caithfear a admháil, áfach, go raibh i bhfad níos mó taighde de dhíth chun Fhoclóir ceart a sheoladh amach i measc na ndaoine. Tá botúin chló agus ghramadaí sa chéad Fhoclóir. Mea cupla – is ormsa amháin atá an locht as na botúin seo.

Maraon leis sin, tuigim anois gur cheart do na téarmaí seo teacht ón phobal LADTA+ amháin. Cé gur oibrigh mé le TENI agus le BeLonG To ar an togra, ní ball den phobal mé. Tuigim níos fearr anois an ról is tábhachtaí a bhaineann le comhghuaillíocht – seasamh siar.

Tá mé an-sásta, áfach, go bhfuil bonn acadúil curtha leis an leagan nua den Fhoclóir, a chruthaigh Tadhg Mac Eoghain le blianta beaga anuas mar chuid dá thráchtas MA. Chonaic Tadhg go raibh feabhsú le déanamh ar na téarmaí agus chuir sé roimhe leagan úrnua – níos fearr – den Fhoclóir a chruthú.

Is iomaí locht atá ar an chéad leagan den Fhoclóir, ach tá mé sásta gur cuireadh tús leis an chomhrá, gur baineadh úsáid as na téarmaí, agus gur spreagadh Tadhg chun a leagan féin den Fhoclóir – faofa, ceartaithe, feabhsaithe – a chruthú.

Comhghairdeas, a Thaidhg, as d'éacht oibre, agus buíochas le hAontas na Mac Léinn in Éirinn agus leis an Choiste Téarmaíochta a thug tacaíocht dó.

An Foclóir Aiteach

The Queer Dictionary

A note from Laoighseach Ní Choistealbha

Former Vice President for the Irish language, Union of Students in Ireland

When the first Queer Dictionary was created in 2018, it was a complete experiment. I wasn't at all sure what people would think about the terms therein, or about the new terms that were created for the dictionary. It's clear since then that many people have used terms from the first version of the Dictionary, and that gives me great joy. It must be said, however, that much more research should have been done before sending out the Dictionary among people. There are print and grammatical mistakes in the first Dictionary. Mea culpa – those errors were my fault. Additionally, I now understand that these terms should only come from members of the LGBTQ+ community themselves. While I was supported in my efforts by TENI and BelongTo, I myself am not a member of the community. I understand better now the most important role of the ally – standing back.

I am delighted that an academic foundation undergirds the new version of the Dictionary that Tadhg Mac Eoghain has created in the past few years as part of his MA thesis. Tadhg saw that improvements had to be made to the terminology, and he decided to create a new and improved version of the Dictionary.

There are many faults to be found in the first version of the Dictionary, but I am happy that the conversation was started, that the terms were used, and that Tadhg was inspired to create his own version of the Dictionary – improved, corrected, and proofed.

Congratulations, Tadhg, for your achievement, and thank you to the members of the Union of Students in Ireland and An Coiste Téarmaíochta who have supported him.

An Foclóir Aiteach

The Queer Dictionary

Réamhrá le Tadhg Mac Eoghain

Údar an eagráin seo

Ní raibh amhras ar bith orm, agus mé ag roghnú téama le haghaidh mo thráchtais máistreachta in Aistriúchán agus Eagarthóireacht na Gaeilge, gurbh éigean dom scríobh faoin Fhoclóir Aiteach. Tionscadal iontach tábhachtach a bhí ann agus thug sé comhartha láidir go bhfuil Gaeilgeoirí aiteacha ann agus gur féidir an Ghaeilge a aitiú. Tá saol aiteach na Gaeilge ag dul ó neart go neart ó shin, agus tá sé níos tábhachtaí ná riamh téarmaí dár gcuid féin a bheith againn. Mar gheall air sin, chinn mé mionscrúdú a dhéanamh ar théarmaí an Fhoclóra agus chuaigh mé i dteagmháil le Laoighseach Ní Choistealbha chun í a chur faoi agallamh.

Bhí mé thar a bheith sásta nuair a d'iarr Laoighseach orm leanúint ar aghaidh leis an fhoclóir, leas a bhaint as mo chuid taighde agus atheagrán a dhéanamh de. Agus ciall cheannaithe againn an babhta seo, bhí sé soiléir gur chóir béim níos láidre a chur ar bhunphrionsabail na foclóireachta agus dul i gcomhairle le saineolaithe an réimse – an Coiste Téarmaíochta. Bhí lucht an Choiste breá sásta cuidiú liom agus ghlac siad le breis is 60 téarma nua a chuir mé faoina mbráid. D'fhaomh siad cuid de na téarmaí a mhol mé féin, chum siad téarmaí eile as an nua agus sa deireadh chuir siad chóir a bheith gach téarma isteach sa Bhunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Choiste Téarmaíochta, le hAontas na Mac Léinn in Éirinn, BeLonG To agus TENI (Transgender Equality Network Ireland) as a gcuid tacaíochta agus cúnamh, agus gabhaim buíochas ar leith le Laoighseach Ní Choistealbha as an tionscadal seo a fhágáil faoi mo chúram.

Ach ní hé an t-eagrán seo bun agus barr an scéil. Tá súil agam go leanfaidh An Foclóir Aiteach ar aghaidh ag fás agus ag athrú de réir mar a athraíonn an pobal LADTA+, ionas go mbeidh gach duine in ann iad féin a aithint sa Ghaeilge agus páirt a ghlacadh i saol na teanga ar bhealach atá dílis dóibh féin!

An Foclóir Aiteach

The Queer Dictionary

Introduction by Timothy McKeon

Author of the current edition

When it came time to choose the topic of my master's thesis in Irish Translation and Editing, there was no doubt in my mind that I had to write about An Foclóir Aiteach, The Queer Dictionary. It was such an important project, and it gave a clear sign that Queer Irish speakers exist and that the Irish language can be queered. Since then, the queer Irish-speaking world has continued to blossom, and it's more important than ever to have our own terminology in Irish. With this in mind I decided to take a closer look at The Queer Dictionary and contacted Laoighseach Ní Choistealbha for an interview.

I was thrilled when Laoighseach invited me to carry on with the dictionary and use my own research to publish a new version of it. Some important lessons were learned from the first edition, and we knew that we would have to focus more on the principles of lexicography and consult experts in the field, namely An Coiste Téarmaíochta (The Terminology Committee). The Committee was more than happy to help and accepted a list of more than 60 new terms that I submitted for their review. Some of the terms that I coined myself were approved, others were coined anew and ultimately nearly every term was entered into the National Terminology Database for Irish.

I'd like to thank the Terminology Committee, The Union of Students in Ireland, BeLonG To and TENI (Transgender Equality Network Ireland) for their continued support and assistance, and special thanks goes to Laoighseach Ní Choistealbha for entrusting the project to me.

It doesn't stop here, though. I hope that An Foclóir Aiteach will continue to grow and develop along with the LGBTQ+ community so that everyone can continue to see themselves reflected in the Irish language and engage with it while staying true to themselves!

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical list of Terminology

**...a bhfuil grá aige/
aici/acu don inscne
chéanna**

**...a sannaíodh mar
bhaineannach tráth
na breithe**

**...a sannaíodh mar
fireannach tráth na
breithe**

aerach

aininsneach

Gan féiniúlacht inscne ar leith.

ainm cealaithe

An t-ainm a bhí ar dhuine san am atá thart, go háirithe roimh aistriú inscne. Níl sé ceart ná cóir ainm cealaithe duine a úsáid.

aistriú

aistriú dlíthiúil

Aistriú inscne a bhfuil aitheantas dlíthiúil aige, e.g. athrú ainm oifigiúil, srl.

same gender loving

**assigned female at
birth (AFAB)**

**assigned male at birth
(AMAB)**

gay

agender

Not having any particular gender.

dead name

A person's previous name, particularly from before transitioning. A person's dead name should not be used.

transition

legal transition

A transition that is legally recognised, e.g. official name change, etc.

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical List of Terminology

aistriú inscne

aistriú míochaine inscne

Aistriú inscne trí theiripe athsholáthair hormón agus/nó máinliacht.

aistriú sóisialta

Aistriú inscne gan idirghabháil leighis.

aiteach

aiteach ó thaobh inscne de

allaighnéasach

Gnéaschlaonadh ag duine a mhothaíonn mealladh gnéasach, i.e. duine nach bhfuil éighnéasach.

allaighnéasachas

Leithcheal i leith daoine éighnéasacha atá bunaithe ar an míthuiscint go motháíonn gach duine mealladh gnéasach.

gender confirmation medical transition

A transition with hormone replacement therapy and/or surgery.

social transition

A transition without medical intervention.

queer

genderqueer

allosexual

A sexual orientation characterised by feeling sexual attraction, i.e. not asexual.

allosexism

Discrimination against asexual people based on the false assumption that everyone experiences sexual attraction.

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical list of Terminology

amuigh (nó oscailte)

andraifileach

Claonadh gnéis nó rómánsúil atá ag daoine a bhfuil dúil acu sna fir nó san fhireannacht.

andraigin

andraigíneacht

aonghnéasach

Scáth-théarma le haghaidh claonta gnéis atá ag daoine a bhfuil dúil acu in inscne amháin, i.e. homaighnéasach nó heitrichnéasach.

aonghnéasacht

baineann go fireann
(BGF)

banríon draig
(nó draig-ríon)

barradóir, barrpháirtí

Duine ag a mbíonn ról gníomhach nó ceannasach sa ghnéas.

out

androphilic

A sexual or romantic orientation in which one is attracted to men or masculinity.

androgen

androgyny

monosexual

An umbrella term for sexual orientations describing people who are attracted to only one gender, i.e. homosexual or heterosexual.

monosexuality

female to male
(FTM)

drag queen

top

Person who takes an active or dominant role in sex.

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical list of Terminology

bean a bhfuil stair thrasinscne aici

bean a bhfuil taithí thrasinscne aici

bean thras

bean thrasinscneach

beanléiritheach

bunadóir, bunpháirtí

Duine ag a mbíonn ról éighníomhach nó géilliúil sa ghnéas.

ceisteach

(nó fiafraitheach)

ciosnormatacht

An tuairim mhícheart go bhfuil gach duine cisinscneach.

cis-, cios-

Réimír a bhfuil a ciall co-darsnach le 'tras-'.

woman of transgender history

woman of transgender experience

trans woman

transgender woman

feminine-presenting

bottom

Person who takes a passive or submissive role in sex.

questioning

cisnormativity

The incorrect assumption that everyone is cisgender.

cis-

A prefix with the opposite meaning to 'trans-'.

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical List of Terminology

cisghnéasachas

An dearcadh leithchealach nach bhfuil ach daoine cisinscneacha normálta agus nádúrtha, gurb í an inscne a sannaíodh tráth na breithe an t-aon inscne fhíor.

cisinscneach

Aidiacht a chuireann síos ar dhaoine a bhfuil a bhféiniúlacht inscne i gcomhréir leis an inscne a sannaíodh dóibh tráth na breithe, i.e. daoine nach bhfuil trasinscneach ná neamh-dhénártha ó thaobh inscne de.

claonadh gnéis
(nó gnéaschlaonadh)

claonadh rómánsúil

comhghuaillí

crómasóm

cissexism

The discriminatory view that only cisgender people are normal and natural, that only the sex assigned to someone at birth is their true gender.

cisgender

Adjective for someone whose gender identity is aligned with their sex assigned at birth, i.e. someone who is not transgender or non-binary.

sexual orientation

romantic orientation

ally

chromosome

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical list of Terminology

dé-anamúil

Scáth-théarma le haghaidh féiniúlachtaí inscne neamh-dhénártha atá le fáil i neart cultúr de chuid Dhúchasaigh Mheiriceá Thuaidh.

défhóibe

dé-inscneach

Féiniúlacht inscne do dhaoine a bhfuil dhá inscne acu ag an am céanna nó in amanna éagsúla.

défhiosrach

déghnéasach

dénárthacht inscne

Córas inscne nach n-aithnítear ach mná agus fir ann.

dérománsúil

Claonadh rómanúsúil a chuireann síos ar dhuine a mhothaíonn grá rómanúsúil do níos mó ná inscne amháin.

two spirit

An umbrella term for non-binary gender identities in many Native North American cultures.

biphobia

bigender

A gender identity in which a person has two genders at the same time or at different times.

bicurious

bisexual

gender binary

A gender system which only recognises women and men.

biromantic

A romantic orientation in which a person feels romantic attraction to more than one gender.

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical list of Terminology

diosfóiria inscne

An míshuaimhneas a mhothaíonn duine toisc nach ionann an inscne a san-naíodh tráth na breithe agus a bhfior-inscne. Úsáidtear an téarma seo in ionad ‘neamhord féiniúlachta inscne’, téarma a baineadh as an DSM-5 toisc nach bhfuil aon neamhord i gceist.

díreach

draig-rí

(nó rí draig)

draig-ríon

(nó banríon draig)

éagsúlacht i bhforbairt an ghnéis

Téarma eile le haghaidh ‘idirghnéasach’ le húsáid in ionad ‘neamhord i bhforbairt an ghnéis’, téarma atá in úsáid i réimse an leighis cé go dtugann sé le tuiscint (go mícheart) gur neamhord atá ann.

gender dysphoria

The discomfort caused by an incongruence between one’s true gender and their sex assigned at birth. This term is used instead of ‘gender identity disorder’, which was removed from the DSM-5 because it is not actually a disorder.

straight

drag king

drag queen

variation of sex development

Another term for ‘intersex’ to be used in place of ‘disorder of sex development’, a term used in the medical field despite the fact that it (erroneously) labels the condition as a disorder.

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical List of Terminology

éagsúlacht inscne
(nó ilchineálacht
inscne)

éarómánsúil

Claonadh rómánsúil a chuireann síos ar dhaoine nach mothaíonn grá rómánsúil do dhaoine eile.

éighnéasach

Gnéaschlaonadh a chuireann síos ar dhaoine nach mothaíonn mealladh gnéasach do dhaoine eile.

eofóiria inscne

An t-áthas a mhothaíonn daoine nuair a aithnítear nó a léirítear a bhfor-fhéiniúlacht inscne, i gcodarsnacht le diosfóiria inscne.

faoi choim

gender diversity

aromantic

A romantic orientation in which a person does not feel romantic attraction to other people.

asexual

A sexual orientation characterised by not feeling sexual attraction to others.

gender euphoria

The joy or comfort felt when one's true gender identity is recognised or expressed, in contrast to gender dysphoria.

closeted

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical list of Terminology

fáisceán

Ball éadaigh comhbhrú a úsáidtear chun an cliabhrach a chothromú agus cuma níos andraigíní nó níos firinscní a chruthú.

fáscadh

An cliabhrach a chomhbhrú nó a chothromú chun cuma níos andraigíní nó níos firinscní a chruthú.

fear a bhfuil stair thrasinscne aige

fear a bhfuil taithí thrasinscne aige

fear tras

fear trasinscneach

fearléiritheach

féinriar colainne

fiafraitheach

(nó ceisteach)

fir a bhfuil grá acu d'fhir

fir a mbíonn gnéas acu le fir (FGF)

binder

A compression garment to flatten one's chest to create a more androgynous or masculine appearance.

binding

Compressing or flattening one's chest to create a more androgynous or masculine appearance.

man of transgender history

man of transgender experience

trans man

transgender man

masculine-presenting

bodily autonomy

questioning

men who love men

men who have sex with men (MSM)

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical list of Terminology

fireann go baineann
(FGB)

forainm,
forainmneacha

forleathnaitheach ó
thaobh inscne de

Scáth-théarma a chuireann síos ar dhuine ar bith nach gcloíonn leis na noirm inscne maidir le léiriú inscne, féiniúlacht inscne, ról inscne agus/nó noirm eile, duine an leathnaíonn coincheap na hinscne.

friotal
athshlánaithe

friotal
ionchuimsitheach

male to female
(MTF)

pronoun,
pronouns

gender expansive

An umbrella term for anyone who does not conform to gender norms in terms of gender expression, gender identity, gender roles and/or other norms, someone who broadens the concept of gender.

reclaimed
language

inclusive
language

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical List of Terminology

fuath ban trasinsneach

Meascán de thrasfhóibe agus fuath ban – tuairimí diúltacha a léirítear trí fhuath cultúrtha, foréigean pearsanta agus stáit, agus leithcheal ar mhná trasinsneacha agus ar dhaoine trasinsneacha eile nó daoine atá neamh-chomhréireach ó thaobh inscne de agus atá beanléiritheach.

gínifileach

Claonadh gnéis nó rómánsúil ag daoine a bhfuil dúil acu sna mná nó sa bhaineantacht.

gnéaschlaonadh (nó claonadh gnéis)

heitrea-sholúbtha

heitreanormatacht

trans-misogyny

The confluence of transphobia and misogyny – the negative attitudes, expressed through cultural hate, individual and state violence, and discrimination directed toward trans women and trans and gender non-conforming people who are feminine-presenting.

gynephilic

A sexual or romantic orientation in which one is attracted to women or femininity.

sexual orientation

heteroflexible

heteronormativity

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical list of Terminology

heitrearómánsúil

Claonadh rómánsúil ag daoine a mhothaíonn grá rómánsúil do dhaoine d'inscne eile.

heitrighnéasach

heitrighnéasachas

An tuairim mhaslach nach bhfuil ach daoine heitrighnéasacha normálta agus nádúrtha; leithcheal ar dhaoine nach bhfuil heitrighnéasach.

heitrighnéasacht

hipearpláise

aidréineach ó bhroinn

homa-earótach

homa-sholúbtha

homafóibe

homaighnéasach

homaighnéasacht

heteroromantic

A romantic orientation in which a person feels romantic attraction to people of another gender.

heterosexual

heterosexism

The derogatory opinion that only heterosexuals are normal and natural; discrimination against those who are not heterosexual.

heterosexuality

congenital adrenal hyperplasia

homoerotic

homoflexible

homophobia

homosexual

homosexuality

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical list of Terminology

homarómánsúil

Claonadh rómánsúil a chuireann síos ar dhuine a mhothaíonn grá rómánsúil do dhaoine den inscne chéanna.

i leith na firinscne

iarobráide

Téarma stairiúil é seo nach n-úsáidtear a thuilleadh toisc go bhfuil féiniúlacht inscne gach duine bailí beag beann ar aistriú míochaine nó ea-spa de. Is téarma gránna é, dar le cuid mhaith daoine, agus níl sé ar fáil anseo ach chun críche faisnéise.

idirghnéasach

idirinscneach

Féiniúlacht inscne neamh-dhénártha in úsáid i measc roinnt daoine idirghnéasacha.

il-leannánach

il-leannánacht

homoromantic

A romantic orientation in which a person feels romantic attraction to people of the same gender.

masculine of centre

post-operative, post-op

This is a historical term that is no longer used, given that anyone's gender identity is valid regardless of whether or not they undergo a medical transition. The term is considered offensive by many and is only included here for informational purposes.

intersex

intergender

A non-binary gender identity used by some intersex people.

polyamorous

polyamory

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical List of Terminology

ilchineálacht inscne
(nó éagsúlacht inscne)

ileadóir

Duine a athraíonn idir ról an bharradóira agus ról an bhunadóira.

ilghnéasach

Gnéaschlaonadh a chuireann síos ar dhuine a mhothaíonn mealladh gnéasach do dhaoine de roinnt inscní ach ní gach inscne.

ilinscneach

Féiniúlacht inscne ag daoine a bhfuil níos mó ná inscne amháin acu, nó meascán d'fhéiniúlachtaí inscne éagsúla.

ilrómansúil

Claonadh rómansúil a chuireann síos ar dhuine a mhothaíonn grá rómansúil do dhaoine de roinnt inscní ach ní gach inscne.

gender diversity

switch (n.)

A person who switches between being a top and bottom.

polysexual

A sexual orientation in which a person feels sexual attraction to people of some but not all genders.

**multigender,
polygender**

A gender identity in which a person has more than one gender identity or a mix of different gender identities.

polyromantic

A romantic orientation in which a person feels romantic attraction to people of some but not all genders.

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical list of Terminology

inscne a sannaíodh tráth na breithe

inscnigh

Nasc inscneach a dhéanamh le duine nó rud faoi leith. Mar shampla, is féidir daoine, dathanna, nó baill éadaigh a inscniú.

iomlaoid inscne

Féiniúlacht inscne a athraíonn ó thaobh déine de, ionas go mothaíonn an duine nach bhfuil inscne ar bith acu lá amháin, agus lá eile mothaíonn siad go bhfuil inscne láidir acu.

iompar inscnebhunaithe

LADTA+

leathbhaineannach

Duine a aithníonn iad féin mar bhean nó cailín go páirteach, ach ní go hiomlán. D'fhéadfadh féiniúlacht inscne eile a bheith acu chomh maith.

gender assigned at birth

to gender (someone)

Associating a gender to a particular person or thing. For example, people may gender other people, colours or items of clothing.

genderflux

A gender identity characterised by a change in intensity, such that a person may feel that they have no gender one day, and another day feel very gendered.

gender performance

LGBTQ+

demigirl

A person who identifies partially, but not entirely, as a woman or girl. They may have another gender identity also.

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical list of Terminology

leathfhireannach

Duine a aithníonn iad féin mar fhear nó buachaill go páirteach, ach ní go hiomlán. D'fhéadfadh féiniúlacht inscne eile a bheith acu chomh maith.

leathghnéasach

Gnéaschlaonadh ag duine nach mothaíonn mealladh gnéasach do dhaoine eile mura bhfuil ceangal mothúchánach nó cion eatarthu.

leathinscneach

Scáth-théarma le haghaidh féiniúlachtaí inscne a bhfuil baint pháirteach acu le hinscne ar leith, e.g. leathbhaineannach, leathfhireannach.

demiboy

A person who identifies partially, but not entirely, as a man or boy. They may have another gender identity also.

demisexual

A sexual orientation in which a person does not feel sexual attraction to others unless there is an emotional connection between them.

demigender

An umbrella term for gender identities that have some partial connection to a certain gender identity, e.g. demigirl, demiboy.

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical List of Terminology

leathrómansaí

Duine nach mothaíonn mealladh rómánsúil do dhuine eile ach amháin i ndiaidh aithne a chur ar an duine sin.

leathrómansúil

Claonadh rómánsúil a chuireann síos ar dhuine nach mothaíonn mealladh rómánsúil do dhaoine eile ach amháin i ndiaidh aithne a chur orthu.

leatrom inmheánaithe

leatrom institiúideach

leid inscne

léiriú inscne

leispiach

magairleachtóime (féach uirí-eachtóime)

máinliacht athchruthaitheach brollaigh

demiromantic (n.)

A person who feels romantic attraction to others only after getting to know them.

demiromantic (adj.)

A romantic orientation for a person who feels romantic attraction to others only after getting to know them.

internalised oppression

institutional oppression

gender cue

gender expression

lesbian

orchiectomy

chest reconstruction surgery

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical list of Terminology

**máinliacht
athchruthaitheach na
mball giniúna**

máinliacht brollaigh

**máinliacht daingnithe
inscne**

máinliacht íochtair

máinliacht uachtair

maisteachtóime

mí-inscnigh

Tagairt a dhéanamh do dhuine le focail nó frásaí (mar shampla forainmneacha) nach léiríonn an fhéiniúlacht inscne atá acu.

miocrachasán

**mná a bhfuil grá acu
do mhná**

**mná a mbíonn gnéas
acu le mná (MGM)**

**neamh-
chomhréireach ó
thaobh inscne de**

neamh-dhénártha

**genital reconstruction
surgery**

chest surgery

**gender confirmation
surgery**

bottom surgery

top surgery

mastectomy

**to misgender
(someone)**

Referring to a person with words or phrases (e.g. pronouns) that do not accurately reflect their gender identity.

microaggression

**women who love
women**

**women who have sex
with women (WSW)**

**gender
non-conforming**

non-binary

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical list of Terminology

neamhobráideach

Téarma stairiúil é seo nach n-úsáidtear a thuilleadh toisc go bhfuil féiniúlacht inscne gach duine bailí beag beann ar aistriú míochaine nó easpa de. Is téarma gránna é, dar le cuid mhaith daoine, agus níl sé ar fáil anseo ach chun críche faisnéise.

neodrasach

Aidiacht a chuireann síos ar fhéiniúlacht inscne neamh-dhénártha a bhaineann le hinscne ‘neodrach’ nó ‘neamhnitheach’. D’fhéadfadh ‘neodrasach’ a bheith cosúil le ‘aininscneach’ nó leis an easpa inscne.

normatach ó thaobh inscne de

normatacht inscne

non-operative, non-op

This is a historical term that is no longer used, given that anyone’s gender identity is valid regardless of whether or not they undergo a medical transition. The term is considered offensive by many and is only included here for informational purposes.

neutrois

Neutrois is a non-binary gender identity which is often associated with a ‘neutral’ or ‘null’ gender. It may also be associated with genderlessness, and shares many similarities with agender.

gender normative

gender normativity

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical List of Terminology

oscailte (nó amuigh)

pacáil

Nós a bhíonn ag roinnt daoine fallas saorga a chaitheamh chun bolg a chruthú faoina gcuid éadaigh agus cuma níos ‘firinscíní’ a léiriú.

paininscneach

Féiniúlacht inscne neamh-dhénártha atá ina meascán de gach uile inscne (seachas inscíní a thagann as comhthéacsanna cultúrtha ar leith nach bhfuil an duine ina dteideal).

panghnéasach

Gnéaschlaonadh ag duine a d’fhéadfadh mealladh gnéasach a mhothú do dhaoine beag beann ar a n-inscne.

out

packing

The practice of wearing an artificial phallus to create a bulge beneath one’s clothes and a more ‘masculine’ appearance.

pangender

A non-binary gender identify which is a mix of all genders (except genders from specific cultural contexts to which the person is not entitled).

pansexual

A sexual orientation in which a person is sexually attracted to people regardless of their gender.

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical list of Terminology

panrómansúil

Claonadh rómánsúil a chuireann síos ar dhuine a d'fhéadfadh grá rómánsúil a mhothú do dhaoine beag beann ar a n-inscne.

pasáil

Cor cainte a chuireann síos ar dhuine a n-aithníonn daoine eile a bhforinscne seachas an inscne a sannaíodh orthu tráth na breithe. Ní maith le roinnt daoine an focal seo, toisc go bhféadfadh sé tabhairt le tuiscint go bhfuil rud éigin á cheilt ag daoine trasinscneacha. Mothaíonn roinnt daoine trasinscneacha, áfach, go bhfuil sé tábhachtach 'pasáil', i.e. go n-aithnítear a n-inscne go ceart.

patrarcacht

patrún na gcrómasóm

panromantic

A romantic orientation in which a person may feel romantically attracted to people regardless of their gender.

passing

An expression for when a person is seen by others as their true gender, as opposed to the gender assigned to them at birth. Some people dislike this word as it implies that trans people are hiding something. For some trans people, however, 'passing', or being seen as their true gender, is important.

patriarchy

chromosome pattern

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical list of Terminology

pósadh comhghnéis

pósadh comhinscne

**pribhléid
chisinscneach**

**pribhléid
heitrighnéasach**

**próifíolacsas
iarnochta**

**próifíolacsas
réamhnochta**

réamhobráide

Téarma stairiúil é seo nach n-úsáidtear a thuilleadh toisc go bhfuil féiniúlacht inscne gach duine bailí beag beann ar aistriú míochaine nó easpa de. Is téarma gránna é, dar le cuid mhaith daoine, agus níl sé ar fáil anseo ach chun críche faisnéise.

rí draig (nó draig-rí)

SEIF (siondróm easpa imdhíonachta faighte)

same-sex marriage

**same-gender
marriage**

cisgender privilege

**heterosexual
privilege**

PEP (post-exposure
prophylaxis)

PrEP (pre-exposure
prophylaxis)

pre-operative, pre-op

This is a historical term that is no longer used, given that anyone's gender identity is valid regardless of whether or not they undergo a medical transition. The term is considered offensive by many and is only included here for informational purposes.

drag king

AIDS (acquired
immune deficiency syn-
drome)

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical List of Terminology

séirea-chomhréireach

Aidiacht a chuireann síos ar pháirtithe a bhfuil an stádas VEID céanna acu, i.e. tá an bheirt acu VEID-deimhneach nó VEID-diúltach.

séirea-neamhréireach

Aidiacht a chuireann síos ar pháirtithe a bhfuil stádais VEID dhifriúla acu, i.e. tá duine amháin VEID-deimhneach agus an duine eile VEID-diúltach.

siondróm neamh-mhothálachta ar andraiginí

seroconcordant

An adjective for partners with the same HIV status, i.e. both are either HIV-positive or HIV-negative.

serodiscordant

An adjective for partners with different HIV statuses, i.e. one is HIV-positive and the other is HIV-negative.

androgen insensitivity syndrome

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical list of Terminology

solúbtha ó thaobh inscne de

Féiniúlacht inscne neamh-dhénártha ag daoine a mbíonn féiniúlachtaí inscne éagsúla acu in amanna éagsúla, nó a mbíonn roinnt féiniúlachtaí inscne acu ag an am céanna nó uaireanta nach mbíonn inscne ar bith acu.

solúbthacht

solúbthacht inscne teacht amach

teiripe athsholáthair hormón (TAH)

Úsáid hormón chun tréithe tánaisteacha gnéis a athrú. Bíonn roinnt daoine trasinsneacha ag úsáid na teiripe seo chun a gcolainn a ailíniú lena bhféiniúlacht inscne, ach ní úsáideann daoine trasinsneacha eile í ar chúiseanna éagsúla.

genderfluid

A non-binary gender identity. Gender fluid individuals experience different gender identities at different times, multiple genders at once or sometimes none at all.

fluidity

gender fluidity

coming out

hormone replacement therapy (HRT)

The use of hormones to alter secondary sex characteristics. Some trans people take hormones to align their bodies with their gender while others may not take hormones for many different reasons.

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical list of Terminology

tras

trasbhaineann

Téarma a chuireann síos ar dhaoine

trasinsneacha a bhfuil féiniúlacht níos baininne ná fireann acu. D'fhéadfaidís a bheith ina mbean thrasinsneach nó a bheith neamh-dhénártha agus ní gá go mbeidís ina mbean ar chor ar bith.

trasfhireann

Téarma a chuireann síos ar dhaoine trasinsneacha a bhfuil féiniúlacht níos firinne ná bainneann acu.

D'fhéadfaidís a bheith ina bhfear trasinsneach nó a bheith neamh-dhénártha agus ní gá go mbeidís ina bhfear ar chor ar bith.

trans

transfeminine

A term used to describe transgender people, who identify with femininity to a greater extent than with masculinity. They could be a trans woman or non-binary and may not identify as female at all.

transmasculine

A term used to describe transgender people who identify with masculinity to a greater extent than with femininity. They could be trans men or nonbinary and may not identify as male.

Liosta Aibítreach na Téarmaíochta

Alphabetical List of Terminology

trasfhóibe

trasghléasadh

trasinscneach

tréith ghnéis

**tréith thánaisteach
ghnéis**

tríú hinscne

uirí-eachtóime

(nó magairleachtóime)

VEID (víreas easpa
imdhíonachta
daonna)

transphobia

cross-dressing

transgender

sex characteristic

**secondary sex
characteristic**

third gender

orchiectomy

HIV (human
immunodeficiency
virus)

An Foclóir Aiteach

The Queer Dictionary

Forainmneacha

Pronouns

Siad/Iad	They/Them
Sí/Í	She/Her
Sé/É	He/Him

Nóta faoin ‘siad uatha’ agus neodracht sa teanga

Níl aon fhorainm tríú pearsa uatha sa Ghaeilge atá neodrach ó thaobh na hinscne de, faraor, agus dá bharr sin bíonn sé deacair labhairt faoi dhaoine áirithe, daoine neamh-dhénártha nó daoine nach eol a n-inscne, mar shampla. Mar sin féin, bíonn an ‘siad uatha’ in úsáid go coitianta i measc an phobail aitigh chun tagairt a dhéanamh do dhaoine aonair agus baintear úsáid as san fhoclóir seo. Cé nach nglactar leis an ‘siad uatha’ go hoifigiúil, go fóill, creidim gur chóir talamh nua a bhriseadh sa teanga uaireanta, go háirithe nuair nach bhfreastalaíonn sí ar riachtanais a lucht labhartha a thuilleadh.

A note about the ‘singular they’ and neutrality in language

Unfortunately, there is no gender-neutral third-person singular pronoun in Irish, which makes it difficult to talk about certain people, for example non-binary people or those whose gender is unknown. However, the ‘singular they’ is commonly used in Irish within the queer community to refer to individuals and it is used in this dictionary as well. Although the ‘singular they’ is not (yet) officially accepted in Irish, I believe that it is sometimes important to break with conventions of language, especially when they no longer meet the needs of the language community.

Creidiúintí

Credits

Ábhar an fhoclóra

Content

Tadhg Mac Eoghain @anfocloiraiteach

Laoighseach Ní Choistealbha @LNichoistealbha

le tacaíocht ón Choiste Téarmaíochta

Lógó ogham ar an gclúdach cúil

Ogham logo on the back cover

Tadhg Ó Ciadhra @tadhgart (tadhgart.teemil.com)

Graificí, Léaráid chlúdaigh

Graphics, Cover illustration

Ciarán Ó Cianáin @ciardhubh

Cóipeagarthóireacht

Copy editing

Gráinne Ní Mhuilneoir



Transgender
Equality
Network
Ireland

